



An Rialálaí  
Carthanas

Charities  
Regulator

# **An Cód Rialachais do Charthanais Carthanais Chasta agus Carthanais Neamhchasta**



## **Séanadh Dílthiúil**

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinsé atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

# Réamhrá

Bunaíodh an Rialálaí Carthanais an 16 Deireadh Fómhair 2014 agus tá sé freagrach as iontaobhais charthanúla agus eagraíochtaí carthanúla ('carthanais') a rialáil agus a chosaint. Is é an misean atá againn an earnáil carthanais a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanais.

Chun an misean atá againn a chur ar aghaidh, d'fhoilsíomar an Cód Rialachais do Charthanais sa bhliain 2018.

## Cad atá i gceist leis an gCód Rialachais do Charthanais?

Mínítear sa Chód Rialachais do Charthanais na híoschaighdeáin ar cheart do charthanais iad a chomhlíonadh chun é féin a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach. Tá sé bunaithe ar cheanglais dhlíthiúla agus ar an dea-chleachtas. Is é aidhm shonrach an Chóid cabhrú le hiontaobhaithe carthanais dea-chórais agus dea-phróisis rialachais a chur i bhfeidhm, ar nithe iad lena dtabharfar cúnamh dóibh na dualgais atá orthu a chur i gcrích.

Tá an Cód Rialachais do Charthanais comhdhéanta de na nithe seo a leanas -

- na **sé phrionsabal** um rialachas ar cheart do gach carthanais iad a chur i bhfeidhm,
- na **croíchaighdeáin** a bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh **gach carthanais** iad agus na prionsabail á gcur i ngníomh acu, agus
- na **caighdeáin bhreise** lena léirítear an dea-chleachtas do charthanais **chasta**.

Ba cheart do gach carthanais cláraithe na sé phrionsabal um rialachas agus na croíchaighdeáin a chomhlíonadh. Tá na caighdeáin bhreise ina gcuid de na sé phrionsabal agus tá siad de bhreis ar na croíchaighdeáin. Tá feidhm acu maidir le carthanais chasta. Léirítear leis na caighdeáin bhreise an dea-chleachtas do charthanais ag a bhfuil ardleibhéil ioncaim agus/nó struchtúir chasta eagrúcháin agus chistiúcháin agus/nó líon suntasach fostaithe.

Tugtar i dTacar Uirlisí an Chóid Rialachais do Charthanais treoirtáir agus teimpléid chun cabhrú le carthanais agus iontaobhaithe carthanais ceanglais an Chóid Rialachais do Charthanais a chomhlíonadh.

## Conas is féidir liom a chinneadh cé acu is eagraíocht chasta nó neamhchasta é mo charthanais chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanais?

Mar gheall ar an éagsúlacht shuntasach atá ann maidir le méid na gcarthanais agus na cineálacha carthanais atá le fáil san earnáil carthanais, maidir leis an gcineál oibre a dhéanann siad, maidir le cén áit a n-oibríonn siad, maidir lena struchtúr dlíthiúil agus maidir leis an dóigh a gcomhlíonann siad a gcuspóir carthanúil, ní féidir a lua go cinntitheach cad is carthanais casta ann. Ní chinneann an Rialálaí Carthanais cén cineál carthanais atá ionat. Ar deireadh, tá na hiontaobhaithe carthanais i ngach eagraíocht san áit is fearr chun cinneadh eolach a dhéanamh ar cad ba cheart dá gcarthanais a dhéanamh agus ar cé acu is carthanais casta é nó nach ea.

Mar sin féin, is féidir breac-chuntas a thabhairt ar roinnt tosca agus táscairí ar cheart d'iontaobhaithe carthanais iad a bhreithniú agus ar féidir leo an cinneadh sin a bhunú orthu. Áirítear iad seo a leanas leis na táscairí sin:

- méid agus foinse ioncam an charthanais;
- leibhéal caiteachais an charthanais;
- struchtúr dlíthiúil an charthanais;
- an líon fostaithe;
- a chasta atá gníomhaíochtaí an charthanais, lena n-áirítear cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh
  - go n-oibríonn sé le daoine soghonta,
  - go n-oibríonn sé thar lear, nó
  - go bhfuil líon mór oibríthe deonacha aige;
- an líon réadmhaoine nó infheistíochtaí atá á sealbhú ag an gcarthanais nó atá á sealbhú thar a cheann;
- aon chritéir réasúnacha eile atá ábhartha.

Ní cheanglaítear ar charthanais neamhchasta ach na croíchaighdeáin atá leagtha amach sa Chód Rialachais do Charthanais a chomhlíonadh. Féadfaidh sé na caighdeáin bhreise a chomhlíonadh, más mian leis, áfach. Ní mór do charthanais casta na croíchaighdeáin agus na caighdeáin bhreise araon atá leagtha amach sa Chód Rialachais do Charthanais a chomhlíonadh.

Na saintréithe atá ag carthanais neamhchasta	Na saintréithe atá ag carthanais casta
Tá díriú áitiúil aige, ach is féidir go bhfuil sainchúram náisiúnta air	Tá sainchúram náisiúnta air, ach is féidir go dtugann sé faoi roinnt oibre idirnáisiúnta nó thar lear
Tá scóip gníomhaíochtaí chúng nó dhírite aige	Tá scóip gníomhaíochtaí níos leithne aige, i.e. soláthraíonn sé roinnt seirbhísí
Ní sholáthraíonn sé seirbhísí d'aosaigh shoghonta ná do leanaí soghonta	Déileálann sé le haosaigh shoghonta nó le leanaí soghonta nó soláthraíonn sé seirbhísí dóibh
Bíonn íseal-leibhéil ioncaim nó chaiteachais bhliantúil aige	Bíonn leibhéil shuntasacha ioncaim nó chaiteachais bhliantúil aige
Tagann an chuid is mó dá ioncam ó fhoirse amháin, e.g. maoinitheoir stáit amháin nó daoine den phobal	I bhformhór na gcásanna, bíonn na príomhfhoinsí cistiúcháin roinnte idir cruinniú airgid poiblí, cistiú rialtais áitiúil agus rialtais náisiúnta, deontais agus iontaobhais
Ní fhostaíonn sé aon bhaill foirne nó tá líon beag fostaithe aige	Tá fórsa saothair íoctha suntasach nó Príomhoifigeach Feidhmiúcháin íoctha aige
I bhformhór na gcásanna, reáchtálann líon beag oibríthe deonacha é	Tá líon suntasach oibríthe deonacha nó ball aige
Níl aon sócmhainní suntasacha aige	Tá sócmhainní suntasacha aige, amhail airgead tirim, réadmhaoine nó infheistíochtaí

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcinneadh le haon saintréith ar leith cé acu atá carthanais casta nó neamhchasta. Ní féidir an fhírce go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na saintréithe thuas ag carthanais, nó go bhfuil sé nó siad in easnamh air, a úsáid chun aicmiú aon charthanais a chinneadh. Beidh ar na hiontaobhaithe carthanais measúnú a dhéanamh ar na saintréithe uile atá ag an gcarthanais chun a chinneadh cé acu a mheasann nó nach measann siad é a bheith casta.

Is féidir go gcinneadh carthanais áirithe, beag beann ar an méid atá iontu nó ar a chasta atá siad, na caighdeáin bhreise atá leagtha amach sa Chód Rialachais do Charthanais a chur chun feidhme, fiú amháin i gcás nach gceanglaítear orthu déanamh amhlaidh, chun a chinntiú go mbíonn na caighdeáin rialachais is airde á gcomhlíonadh acu.

Chun tuilleadh cúnaimh a thabhairt do charthanais atá ag iarraidh a chinneadh cé acu atá a n-eagraíocht casta nó neamhchasta de réir a cineáil, leagamar amach thíos roinnt samplaí atá bunaithe ar cheisteanna a fuarthas maidir leis an tsaincheist sin ó charthanais chláraithe agus ar an teagmháil a bhí acu leo thar an dá bhliain seo a chuaigh thart.

## **Sampla 1 – Carthanas leasa ainmhithe**

### **Carthanas Casta**

Bíonn ioncam €700,000 in aghaidh na bliana ag Carthanas “A”, a thagann ó dheontais rialtais, ó údaráis áitiúla, ó shíntiúis phoiblí agus ó leagáidí. Tugann sé aire d’ainmhithe beaga baile agus feirme a tréigeadh, ar baineadh mí-úsáid astu nó nach dteastaíonn, mar aon le fiadhúlra gortaithe. Fostaíonn an carthanas roinnt ball foirne agus tacaíonn breis agus 200 oibrí deonach leis. Chinn na hiontaobhaithe carthanais go bhfuil an eagraíocht casta chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanais, toisc go bhfaigheann an carthanas méid suntasach cistiúcháin ó fhoinsí éagsúla agus go bhfuil líon mór ball foirne agus oibríthe deonacha aige. Dá bhrí sin, ní mór don charthanais na caighdeáin bhreise atá sa Chód Rialachais do Charthanais a chomhlíonadh.

### **Carthanais Neamhchasta**

Bíonn ioncam €50,000 in aghaidh na bliana ag Carthanais “B”, a thagann go príomha ó shíntiúis phoiblí. Gabhann sé d’ainmhithe amhail cait, madraí agus cearca a tharrtháil agus do bhaile nua a fháil dóibh. Tugann an carthanais cóireáil tréidliachta nuair is gá freisin. Cé go n-íocann an carthanais le tréidlianna as a gcuid seirbhísí, níl siad fostaithe ag an gcarthanais. Reáchtálann líon beag oibríthe deonacha an carthanais agus ní fhostaíonn sé aon bhaill foirne. Chinn na hiontaobhaithe carthanais go bhfuil an eagraíocht neamhchasta chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanais toisc gur carthanais beag áitiúil atá comhdhéanta d’oibríthe deonacha amháin í.

## **Sampla 2 – Carthanas a thugann tacaíocht do dhaoine gan dídean**

### **Carthanas Casta**

Bíonn ioncam €300,000 in aghaidh na bliana ag Carthanas “C”, a thagann ó dheontais rialtais, ó údaráis áitiúla, ó shíntiúis phoiblí agus ó leagáidí. Reáchtálann sé ionad do dhaoine aonair/teaghlaigh gan dídean agus soláthraíonn sé raon bia, áiseanna faoisimh lae agus acmhainní eile dóibh. Cé go bhfuil líon beag ball foirne íoctha ag an gcarthanais, braitheann sé go príomha ar oibrithe deonacha. Chinn na hiontaobhaithe carthanais go bhfuil an eagraíocht casta chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanais, toisc go bhfaigheann an carthanais méid suntasach cistiúcháin ó fhoinsí éagsúla, go ndéileálann sé le daoine soghonta agus go bhfuil líon mór oibrithe deonacha aige. Dá bhrí sin, ní mór don charthanais na caighdeáin bhreise atá sa Chód Rialachais do Charthanais a chomhlíonadh.

Bíonn ioncam €120,000 in aghaidh na bliana ag Carthanais “D”, a thagann ó shíntiúis phoiblí. Soláthraíonn an carthanais cóiríocht shealadach, bia, éadaí agus míreanna riachtanacha eile chun cabhrú le daoine gan dídean a choinneáil sábháilte, teolaí agus folláin. Tugann an carthanais comhairle agus tacaíocht do dhaoine gan dídean agus do dhaoine atá i mbaol easpa dídine freisin. Tá fostaithe ag an gcarthanais agus tacaíonn líon mór oibrithe deonacha leis. Chinn na hiontaobhaithe carthanais go bhfuil an eagraíocht casta chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanais, mar gheall ar an raon seirbhísí a sholáthraíonn sí agus ar an líon mór oibrithe deonacha atá aici. Dá bhrí sin, ní mór don charthanais na caighdeáin bhreise atá sa Chód Rialachais do Charthanais a chomhlíonadh.

### **Carthanais Neamhchasta**

Bíonn ioncam €25,000 in aghaidh na bliana ag Carthanais “E”, a thagann ó shíntiúis phoiblí. Gabhann sé do bhia agus málaí codlata a sholáthar do dhaoine gan dídean sa limistéar áitiúil. Cé nach ndéileálann sé go díreach le daoine gan dídean, soláthraíonn sé na míreanna atá bailithe aige do charthanais eile do dhaoine gan dídean. Tacaíonn líon beag oibrithe deonacha leis an gcarthanais agus níl aon fhostaithe aige. Chinn na hiontaobhaithe carthanais go bhfuil an eagraíocht neamhchasta chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanais toisc gur carthanais beag atá comhdhéanta d’oibrithe deonacha amháin í agus go bhfuil íseal-leibhéal ioncaim aici.



### Sampla 3 – Carthanas a oibríonn le haosaigh shoghonta agus/nó le leanaí soghonta

#### Carthanas Casta

Bíonn ioncam €400,000 in aghaidh na bliana ag Carthanas “F”, a thagann ó dheontais rialtais, ó údaráis áitiúla agus ó shíntiúis phoiblí. Tugann an carthanas tacaíocht do dhaoine óga agus leanaí faoi mhíchumas. Fostaíonn an eagraíocht roinnt ball foirne agus tacaíonn roinnt oibríthe deonacha léi. Chinn na hiontaobhaithe carthanas go bhfuil an eagraíocht casta chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanas, toisc go bhfaigheann an carthanas méid suntasach cistiúcháin ó fhoinsí éagsúla, go ndéileálann sé le daoine soghonta agus go bhfuil roinnt ball foirne agus oibríthe deonacha aige. Dá bhrí sin, ní mór don charthanas na caighdeáin bhreise atá sa Chód Rialachais do Charthanas a chomhlíonadh.

Bíonn ioncam €100,000 in aghaidh na bliana ag Carthanas “G”, a thagann ó shíntiúis phoiblí. Soláthraíonn sé áitribh agus áiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí creidimh. Soláthraíonn an carthanas oideachas creidimh agus teanga do leanaí freisin. Reáchtálann roinnt oibríthe deonacha an carthanas agus ní fhostaíonn sé aon bhaill foirne. Chinn na hiontaobhaithe carthanas go bhfuil an eagraíocht casta chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanas toisc go ndéileálann sí le daoine soghonta agus go bhfuil líon mór oibríthe deonacha aici. Tá sócmhainní suntasacha (i.e. roinnt réadmhaoine) ag an gcarthanas freisin. Dá bhrí sin, ní mór don charthanas na caighdeáin bhreise atá sa Chód Rialachais do Charthanas a chomhlíonadh.

#### Carthanas Neamhchasta

Bíonn ioncam €40,000 in aghaidh na bliana ag Carthanas “H”, a thagann ó dheontais rialtais agus ó dheontais údaráis áitiúil. Tugann sé tacaíocht do dhaoine scothaosta sa limistéar áitiúil trí sheirbhís cuairte agus imeachtaí sóisialta a reáchtáil agus trí chomhairle agus faisnéis a sholáthar. Tacaíonn líon beag oibríthe deonacha leis an eagraíocht agus ní fhostaíonn sí aon bhaill foirne. Chinn na hiontaobhaithe carthanas go bhfuil an eagraíocht neamhchasta toisc gur carthanas beag atá comhdhéanta d’oibríthe deonacha amháin í. Ós rud é go ndéileálann an eagraíocht le daoine soghonta, áfach, chinn na hiontaobhaithe carthanas roinnt de na caighdeáin bhreise a chur chun feidhme trí chlár ionduchtúcháin cuimsitheach a chur i bhfeidhm d’iontaobhaithe nua (*Caighdeán Breise 5.12 den Chód Rialachais*) agus trí nósanna imeachta scríofa a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann an carthanas gach ceanglas dlíthiúil agus rialála atá ábhartha (*Caighdeán Breise 4.7 den Chód Rialachais*), go háirithe ceanglais a bhaineann le cumhdach.

## **Sampla 4 – Carthanais a thugann tacaíocht do dhaoine atá thíos leis an ailse**

### **Carthanais Casta**

Bíonn ioncam €500,000 in aghaidh na bliana ag Carthanais “J”, a thagann ó dheontais rialtais, ó chistiú údaráis áitiúil agus ó shíntiúis phoiblí. Soláthraíonn sé seirbhísí agus áiseanna tacaíochta ailse saor in aisce do dhaoine atá thíos leis an ailse. Fostaíonn an eagraíocht roinnt ball foirne agus tacaíonn líon mór oibrithe deonacha léi. Chinn na hiontaobhaithe carthanais go bhfuil an eagraíocht casta chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanais, toisc go bhfaigheann an carthanais méid suntasach cistiúcháin ó fhoinsí éagsúla agus go bhfuil roinnt ball foirne agus oibrithe deonacha aige. Dá bhrí sin, ní mór don charthanais na caighdeáin bhreise atá sa Chód Rialachais do Charthanais a chomhlíonadh.

### **Carthanais Neamhchasta**

Bíonn ioncam €30,000 in aghaidh na bliana ag Carthanais “K”, a thagann ó shíntiúis phoiblí. Tá sé mar aidhm aige taighde a chur chun cinn ar na cúiseanna leis an ailse chraicinn i gcoitinne, agus ar mheileanáma urchóideach go háirithe, agus ar bhealaí inar féidir an ailse chraicinn a chosc agus a chóireáil. Reáchtálann líon beag oibrithe deonacha an carthanais agus ní fhostaíonn sé aon bhaill foirne. Chinn na hiontaobhaithe carthanais go bhfuil an eagraíocht neamhchasta chun críocha an Chóid Rialachais do Charthanais toisc gur carthanais beag atá comhdhéanta d’oibrithe deonacha amháin í agus go bhfuil íseal-leibhéal ioncaim aici.

Glacann an Rialálaí Carthanas cur chuige comhréireach i leith a ghníomhaíochtaí rialála agus is eol dúinn go bhfuil carthanais chláráithe ag céim measartha luath den Chód Rialachais do Charthanais a chur chun feidhme.

Tá sé mar aidhm againn obair i gcomhar le carthanais chláráithe a mhéid is féidir chun a chinntiú go bhfuil acu an treoir agus an fhaisnéis a theastaíonn chun an Cód Rialachais do Charthanais a chur chun feidhme.

Más rud é go dtiocfaidh ceist chun cinn ina dhiaidh sin maidir le cé acu is carthanas casta é carthanas cláráithe nó nach ea, beidh sé níos éasca don charthanas dul i dteagmháil leis an Rialálaí Carthanais i gcás go mbeidh an cinneadh bunaidh uaidh luaite i miontuairiscí Boird agus go mbeidh cúiseanna soiléire ann leis an gcinneadh sin.

## Leideanna

- Déan cinnte de go dtaifeadtar i miontuairiscí Boird do charthanais aon d'ospóireacht ar cé acu atá do charthanas casta nó neamhchasta.
- Maidir le miontuairiscí Boird a bhaineann le cinneadh ar cé acu atá carthanas casta nó nach bhfuil, ba cheart breac-chuntas gairid a thabhairt iontu ar na cúiseanna a raibh an cinneadh bunaithe orthu.
- Maidir leis an gcinneadh ar cé acu atá do charthanas casta nó nach bhfuil, ba cheart é a athbhreithniú go rialta agus ba cheart é a athbhreithniú i ngach cás inar tháinig athrú suntasach ar imthosca an charthanais, e.g. tar éis síntiús suntasach a fháil, a chinneadh baill foirne a fhostú.
- Téigh i dteagmháil le daoine i gcarthanais den mhéid chéanna a ghabhann d'obair den chineál céanna chun a fháil amach cé na tosca a ndearna siad breithniú orthu le linn dóibh an ní seo a phlé.

Uimhir Thagartha an Doiciméid: Carthanais Chasta agus Carthanais Neamhchasta - Rev 000

An Rialálaí Carthanas  
3 Duga Sheirse  
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta  
Baile Átha Cliath 1  
D01 X5X0  
Teileafón: 01 633 1500  
[www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie)  
© An Rialálaí Carthanas 2021